Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 9 Aibreán 2026**
**(OR. en)**

**7982/26**

**AGRI 245**
**AGRIFIN 74**
**FORETS 49**
**PROCIV 70**
**ENV 317**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Tábhacht straitéiseach na talmhaíochta agus an bhainistithe inbhuanaithe ar fhoraoisí chun cosc ar rioscaí falscaithe agus athléimneacht ina leith a neartú<br>– Faisnéis ón gCoimisiún<br>– Seisiún tuairimíochta |

Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le *Bainistiú Comhtháite ar Riosca Falscaithe (*7652/26), tugtar aghaidh ar ghnéithe éiceolaíocha, eacnamaíocha, cultúrtha agus sóisialta ar fud thimthriall iomlán an bhainistithe riosca (cosc, ullmhacht, freagairt agus téarnamh). Is freagairt é ar an bpráinn a bhaineann le gníomhú maidir le bainistiú ar riosca falscaithe, lena dtugtar na réimsí beartais agus na gníomhaithe uile le chéile i gcur chuige comhpháirteach chun riosca falscaithe a laghdú. Cuireann sé le comhairliúcháin le hinstitiúidí agus comhlachtaí an Aontais, leis na Ballstáit, le saineolaithe, le páirtithe leasmhara agus leis an saol acadúil agus is é is aidhm dó an comhar leo siúd a neartú chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin atá ag dul i méid maidir le rioscaí falscaithe.

Tá méadú ag teacht ar fhalscaithe san Aontas ó thaobh scála, minicíochta agus scrios de, rud a chruthaíonn rioscaí suntasacha trasearnála. Maidir le séasúr falscaithe 2025, léirítear sna taifid gur dódh os cionn 1 mhilliún heicteár san Aontas, limistéar atá níos mó ná an Chipir. Fágann sé sin go bhfuil an leibhéal is airde riamh ann i gcás talamh san Aontas a mbíonn tionchar ag falscaithe uirthi. Le 4 bliana de na 5 bliana seo caite, tá na limistéir dhóite níos mó ná an meán stairiúil, agus tá déine na ndóiteán ag dul i méid freisin. Níl na falscaithe teoranta a thuilleadh do dheisceart na hEorpa ach bíonn tionchar acu freisin ar réigiúin láir, thuaidh agus thoir na mór-roinne. Tá iarmhairtí fadréimseacha ag an treocht sin, lena n-áirítear bás daoine, damáiste d'éiceachórais, laghdú ar cháilíocht an aeir, díghrádú ithreach, creimeadh, cailliúint bithéagsúlachta agus tionchair dhiúltacha ar thalmhaíocht, ar fhoraoiseacht agus ar bhonneagar. Meastar gur thart ar €2.5 billiún atá sa damáiste eacnamaíoch bliantúil a dhéantar san Aontas mar thoradh ar fhalscaithe.

Is catalaíoch mór é an t-athrú aeráide do thonnta teasa, do thriomaigh agus do theochtaí arda níos minice, rud a chruthaíonn dálaí atá fabhrach d'adhaint agus do leathadh falscaithe. Tá méadú tagtha ar charnadh breosla mar thoradh ar athruithe ar úsáid talún, díghrádú éiceachóras nádúrtha, dídhaonrú tuaithe agus tréigean cleachtas traidisiúnta. An tráth céanna, tá méadú tagtha ar an neamhchosaint ar fhalscaithe mar gheall ar leathnú uirbeach isteach i limistéir faoi fhoraois. Is í gníomhaíocht an duine is cúis le suas le 96 % d'adhaintí falscaithe, rud a fhágann gurb í an phríomhchúis a bhíonn léi. Is iondúil gur splancacha a bhaineann leis an mbonneagar nó gníomhaíochtaí d'aon ghnó is cúis le falscaithe.

Méadaíonn carnadh breosla mar gheall ar fhásra neamhbhainistithe an dóchúlacht go mbeidh falscaithe móra ann. Dá bhrí sin, tá ról ríthábhachtach ag feirmeoirí, foraoiseoirí agus pobail tuaithe maidir le falscaithe a chosc. Tá cleachtais bainistithe talún ghníomhacha agus inbhuanaithe, innilt, tanú foraoise, éagsúlú speiceas agus cur chun cinn tírdhreach níos éagsúla cur i gcás, tábhachtach chun déine falscaithe a laghdú agus chun moill a chur ar leathadh dóiteán.

Cuireann an tAontas foinsí maoiniúcháin ar fáil ar mhaithe le cosc, ullmhacht, freagairt agus téarnamh. Tá gá le rianú feabhsaithe agus úsáid straitéiseach na gcistí sin chun éifeachtacht a áirithiú. Tá an Comhbheartas Talmhaíochta (CBT) ag tacú le falscaithe ar talamh a chosc agus le hathchóiriú. Tá sé beartaithe leanúint de na hionstraimí atá ar fáil faoi láthair, lena n-áirítear na hionstraimí sin atá tiomnaithe d'fhoraoisí agus do thalamh talmhaíochta a athchóiriú tar éis tubaistí nádúrtha, i rith na clárthréimhse 2028-2034. Cuireann bearta eile, athchóiriú an dúlra, lena n-áirítear i mbogaigh agus i limistéir foraoise cuir i gcás, le hathléimneacht ó dhóiteán freisin trí fheabhas a chur ar shláinte na n-éiceachóras ábhartha agus trí éifeachtaí triomaigh a laghdú.

Is ar na Ballstáit atá an phríomhfhreagracht as falscaithe a bhainistiú, mar aon le húdaráis réigiúnacha agus bainisteoirí talún, agus cuireann an tAontas tacaíocht ar fáil trí chistiú, sonraí agus comhroinnt eolais.

I measc na ndúshlán atá ann faoi láthair a chuireann bac ar éifeachtacht ár mbeartas coiscthe falscaithe tá sonraí neamhréireacha, léarscáileanna guaise atá as dáta, samhaltú fo-optamach ar iompraíocht dóiteán atá ag teacht chun cinn agus comhtháthú teoranta measúnuithe trasteorann agus ilriosca.

Chuige sin, tá uirlisí de chuid an Aontais ar fáil cheana féin le haghaidh seirbhísí faireacháin agus luathrabhaidh, Copernicus agus an Córas Eorpach Faisnéise maidir le Dóiteáin Foraoise (EFFIS) cuir i gcás, agus moltar do na Ballstáit úsáid chórasach a bhaint astu chun tacú le bainistiú ar riosca falscaithe agus chun cabhrú leo a chinneadh cé na tionscadail a bhfuil cistiú de dhíth orthu. Tá sé d'aidhm ag an gCoimisiún feabhas a chur ar na huirlisí sin agus samhaltú riosca caighdeánaithe a fhorbairt ar leibhéal an Aontais. Moltar do na Ballstáit glacadh beart coiscthe falscaithe talamhbhunaithe a chur chun cinn agus feabhas a chur ar chórais luathrabhaidh, faireachán ar dhóiteáin, samhaltú iompraíochta dóiteáin, measúnú riosca agus ar úsáid sonraí ardtaifigh le haghaidh cinnteoireachta.

I bhfianaise leibhéal ard na bhfalscaithe arb í gníomhaíocht an duine is cúis leo, tá athrú iompraíochta ríthábhachtach. Is féidir le rochtain ar fhaisnéis riosca agus ar chumarsáid spriocdhírithe tacú le hiarrachtaí coisctheacha. I measc na mbeart ullmhachta tá pleanáil aslonnaithe, rannpháirtíocht an phobail agus oideachas.

Tá easpa pearsanra atá oilte go leordhóthanach agus easpa trealaimh le sonrú i roinnt réigiún. Teastaíonn cosaint, oiliúint agus tacaíocht iomchuí ó chomhraiceoirí dóiteáin. Molann an tAontas bearta freagartha a dhéanamh tríd an Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta, lena n-áirítear comhraiceoirí dóiteáin a réamhshuíomh agus flít comhroinnte aerchomhraic dóiteáin (rescEU) a fhorbairt. Díríonn iarrachtaí breise ar idir-inoibritheacht, oiliúint agus cumais anailíseacha a fheabhsú.

Agus aitheantas á thabhairt aici don ghá atá le tuilleadh gníomhaíochta maidir leis an tsaincheist sin agus i bhfianaise na Teachtaireachta ón gCoimisiún maidir le *Bainistiú Comhtháite ar Riosca Falscaithe*, tá sé d'aidhm ag Uachtaránacht na Cipire an obair ar an Moladh maidir le bainistiú comhtháite falscaithe a d'fhógair an Coimisiún ina Theachtaireacht thuasluaite a éascú. I bhfianaise a ábhair trasearnála, pléifear an Moladh sa Chomhairle Gnóthaí Ginearálta. Agus aird á tabhairt freisin ar a thábhachtaí atá sé an nasc idir cosc, ullmhacht, freagairt agus téarnamh a neartú, chomh maith leis an tacaíocht a chuirtear ar fáil trí ghníomhaíochtaí an Aontais agus na mBallstát ar mhaithe le cur chun feidhme éifeachtach, iarrann an Uachtaránacht ar na hairí tuairimí a mhalartú maidir leis na ceisteanna seo a leanas chun rannchuidiú leis an bpróiseas sin:

– *Conas is féidir leis an gComhbheartas Talmhaíochta (CBT), in éineacht le hionstraimí eile de chuid an Aontais, tacaíocht níos fearr a thabhairt d'fheirmeoirí, d'fhoraoiseoirí agus do cheantair thuaithe chun rioscaí falscaithe a chosc agus a bhainistiú, lena n-áirítear trí dhreasachtaí níos láidre le haghaidh cleachtais bainistithe talún lena laghdaítear carnadh breosla agus lena bhfeabhsaítear athléimneacht tírdhreacha? Conas is féidir an tacaíocht sin a fheabhsú a thuilleadh trí chistiú poiblí agus príobháideach breise lasmuigh de chreat CBT?*

– *I bhfianaise dhéine agus mhinicíocht mhéadaitheach na bhfalscaithe ar fud na hEorpa, conas is féidir bainistiú inbhuanaithe ar fhoraoisí a dhreasú agus athchóiriú a neartú, agus conas is féidir cosc ar riosca falscaithe a chomhtháthú ar bhealach níos fearr i mbeartais náisiúnta foraoise, i bpleananna athchóirithe agus i bpleanáil úsáide talún, go háirithe sa chomhéadan idir talamh fiáin agus uirbeach agus i limistéir a ndéanann tréigean talún difear dóibh, chun athléimneacht a fheabhsú agus chun pobail agus éiceachórais tuaithe a chosaint?*